Ceapadh carbóin

Cén rud é?

- An próiseas chun carbón a ghabháil agus a stóráil.
- Laghdaíonn sé an iarmhairt cheaptha teasa de réir mar a thógtar CO_2 ar shiúl.
- Is féidir leis a bheith mar chuid den réiteach chun geilleagair a dhícharbónú.
- Is féidir leis cabhrú leis an athrú aeráide a mhaolú.

https://www.sciencedirect.com/
https://unece.org/
https://www.teagasc.ie/
https://pmc.ncbi.nlm.nih.gov/articles/PMC9804235/

Bitheolaíoch

Dé-ocsaíd charbóin a stóráil:

Feidhmíonn **foraoisí** mar linn charbóin trí CO_2 a ghabháil agus trí fhótaisintéis, í a iompú ina bithmhais amhail duilleoga – Méadaítear í trí fhoraoisiú.

Déanann **na haigéin** méideanna móra CO_2 a ionsú, a scaoileadh agus a stóráil, go háirithe in áiteanna fuara. Tá taighde á dhéanamh ar an bhféidearthacht an linn nádúrtha seo a fheabhsú m.sh. trí CO_2 a instealladh go domhain faoi uisce nó trí na haigéin a leasú le cothaithigh mhiocralgacha.

Is féidir le h**ithreacha** nó le hábhar plandaí CO_2 a ghabháil agus a stóráil. Tá carbón go maith d'ithreacha mar go méadaíonn sé a gcumas coinneála uisce agus an táirgiúlacht acu.

Is féidir **portaigh** a athrú ó fhoinsí carbóin go linnte carbóin trí thailte portaigh a athfhliuchadh.

Geolaíoch

Oide

Stóráil fhadtéarmach charbóin i gcarraigeacha:

Déantar CO_2 a phumpáil go domhain faoi thalamh trí phíblínte agus stóráiltear í i spásanna póire carraige d'fhoirmíochtaí geolaíocha séalaithe

I measc na modhanna coitianta ceapadh geolaíochta áirítear úsáid a bhaint as síoga guail, taiscumair shalanda dhoimhne, réimsí ídithe ola agus gáis agus mianrú.

CC BY NC